Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Bealtaine 2022
(OR. fr)

8446/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0126(BUD)**

**FIN 474**
**PE-L 20**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 8317/22 (COM(2022) 262 final) |
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3 a ghabhann le buiséad ginearálta 2022: Costais ghlactha daoine atá ag teitheadh ón Úcráin a mhaoiniú<br>– *Glacadh* |

1. An 22 Aibreán 2022, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3 a ghabhann le buiséad ginearálta 2022 maidir le costais ghlactha daoine atá ag teitheadh ón Úcráin a mhaoiniú[1].

   Is é is aidhm den togra seo rannchuidiú leis na costais ghlactha agus chlárúcháin ar an gcéad líne daoine atá ag teitheadh ón Úcráin mar thoradh ar an bhfogha atá ag á thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin a mhaoiniú sna Ballstáit.

2. Chun go mbeidh an Chomhairle in ann seasamh a ghlacadh maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3/2022 gan mhoill, ní mór don Chomhairle cinneadh a dhéanamh, i bhfianaise a phráinní atá an t-ábhar, giorrú a dhéanamh ar an tréimhse 8 seachtaine a leagtar síos in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bParlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach i gcomhréir le hAirteagal 3(3) dá Rialacha Nós Imeachta.

[1] 8317/22.

3. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3/2022 ag an gcruinniú a bhí aige an 26 Aibreán 2022 agus bhí sé in ann glacadh leis gan aon athrú.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

– an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3/2022, mar a leagtar amach i bpointe 3 é, a ghlacadh,

– treoir a thabhairt don Uachtaránacht na doiciméid bhuiséadacha atá le cur chuig Parlaimint na hEorpa a ullmhú agus an dréachtlitir san Iarscríbhinn a fhormheas chuige sin; agus

– an Cinneadh ón gComhairle lena nglactar an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3 de chuid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, mar a leagtar amach in 8447/22 é, a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

– i bhfianaise phráinn an ábhair, go gcinnfidh an Chomhairle maolú a dhéanamh, ar bhonn Airteagal 3(3), an dara fomhír de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear sa chéad fhomhír den Airteagal sin.

DRÉACHTLITIR

ó : Uachtarán na Comhairle

chuig : Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

A Uachtaráin, a shoilse,

Tá an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3 don bhliain airgeadais 2022, a ghlac an Chomhairle an 16 Bealtaine 2022, á chur ar aghaidh agam chugat i ndoiciméad ar leithligh.

(Mise le meas).